Ní Íoċfar Cánaca i nGaeltaċta Ṁuiġeo

I gCeantar Ros Dumhaċ, Ceaṫrú Ṫaiḋg, tá dúbṡlán tugṫa arís, faoi ḟaillí agus nós cuma liom agus éagóir.

Sa gceantar seo tá oċt mbliana ó ṡin, ṡeas Annraoi Ó Corduiḃ, cisteoir náisiúnta Ṁuintir na Gaeltaċta amaċ go fearúil, i gcoinniḃ an éagóir a ḃí dá ḋéanaṁ ar an ċeantar, nuair a ċuaiġ sé ċun príosúin in Mountjoy, sul a n-íocfaḋ sé cáin gluaisteán.

Anois, tá slua mór daoine tagṫa le ċéile, arís, agus iad ag dearḃú dá ċéile naċ n-íocfaiḋ siad aon ċánaċ go ḃfáiġ siad coṫrom na féinne.

Ar feaḋ tamaill, taréis gníoṁ mór Annraoi, ḃí roinnt rudaí níos fearr le fáil insan ċeantar, agus rinneaḋ forbairt éigin air, aċ ċuaiġ an neaṁ-ṡuim agus an nós cuma-liom in áirde arís, agus leanann an éagóir fós.

Anois, tá luċt gluaisteáin i gceantar Port a' Claiḋe, Ceaṫrú Ṫaiḋg, Port Urlainn, Ros Dumhaċ ag diúltú aon ċáin bóṫar a íoc, agus tá siad ag braṫ dul go príosún má ordaíonn na Cúirteanna a leiṫéid, sula n-íocfaiḋ siad aon ċáin. Mar agóid i gcoinniḃ droċ stáid na mbóiṫre, san ċéad ċás, atá siad ag glacaḋ an cúrsa seo.

Deir Annraoi Ó Corduiḃ, O.S., Ros Dumhaċ, ṫar ċeann Cumann Gluaisteán Iorras:

"Tá na daoine sásta dul go príosún. D'ḟéidir go ḃfuil cuid acu naċ n-oireaḋ sé dóiḃ dul, nar ċailleaḋ siad a gcuid postanna, aċ tá geallta ag duine ar biṫ gur féidir leo, go raċaiḋ siad 'un ṗríosúin. Tá na daoine atá ag diúltú cánaċa a íoc, ag braṫ seasaṁ amaċ go deireaḋ" —adúirt sé.

Raflaí

Tá raflaí ann, adeir an tUasal Ó Corduiḃ, go ḃfuil na bóiṫre le deisiú, aċ nílṫear ag scaipeaḋ na raflaí seo leis an gluaiseaċt a ḃriseaḋ suas.

"Táimíd ag braṫ fanaċt go dtí go nglactar cúis i gcoinniḃ duine éigin, agus ansin raċa muid ar aġaiḋ, agus cuirfiḋ muid suas troid ag cosaint na cúise sa Ċúirt."

Comċiste

Táṫar sásta luaċ na gcánaċ bóṫair a íoc isteaċ sa gciste cosanta, agus tá luċt caranna, tarraicairí, trucaill agus roṫar-ġluaisteán sásta é seo a ḋéanaṁ, agus an ciste a úsáid le cosaint a ḋéanaṁ ar duine ar biṫ go dtugtar cúis ina ċoinniḃ.

Go dtí seo tá 22 luċt gluaisteán san ċeantar ag diúltú cánaċa a íoc toisc an droċ ċaoi atá ar sé nó seaċt de mílte bóṫair insan ċeantar. Tá cuid de na poill ins na bóiṫre suas le cúig troiġ ṫart timpeall, agus 6 h-orlaí in áiteaċa.

Tá tráċt trom ar na bóiṫre, go dtí oifigí poist, scoltaċa, siopaí agus mar sin.

Bóiṫre Náireaċ

Seaċtain ó ṡin, ḃí fear sa ḃaile ó Ṡasana, agus nuair a ḃí sé ag tiomaint ar an ḃóṫar, baineaḋ an píobán ciúinite den ġluaisteán, ceann a ḃí sé taréis a ḃireáil i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Arsa Annraoi Ó Corduiḃ:— "Millṫear na gluaisteáin in am ġoirid anseo. Ḃí mé féin i mBaile Áṫa Cliaṫ tamall ó ṡoin agus ċuir fear garáiste ceist orm an ag teaċt arais ón Sahara a ḃí mé; ḃí íoċtar an ġluaisteáin ċoṁ millte sin le gáinim.

Gaeltaċt

Ceantar Gaeltaċta é seo, arsa an tUasal Ó Corduiḃ agus an ceantar is mó faillí insan tír uiliġ. Nílimíd ag iarraiḋ níos mó toisc gur Gaeltaċt sinn, aċ táimíd ag iarraiḋ a ḃeiṫ coṫrom leis an gcuid eile den tír."

Ḃagair Comairle Condae Ṁuiġeo, ar an Uasal Ó Corduiḃ, go raiḃ siad ag cur na ngardaí ina ḋéiḋ. aċ mar sin féin, níor íoc sé cáin bóṫar ó Ṁeán Fóṁair seo caite, agus níl sé i gceist aige a íoc.

Rinneaḋ roinnt cóiriú ar na bóiṫre sa ċeantar, nuair a ligeaḋ Ó Corduiḃ, as príosún, de ḃárr iarratas insan Árd-Ċúirt, oċt mbliana ó ṡin. Aċ, dúirt Oifigeoir de ċuid an Ċomairle Condae, nár ċuir an gníoṁaíoċt insan ċeantar isteaċ ar an ċúis ċor ar biṫ.

Táṫar le cruinniú a ḃeiṫ ann gan moill, le féaċaint cad é an dóiġe is fearr leis an éagċóir seo a noċtú go poiblí, agus gníoṁaíoċt ceart a ċur ar siúl faoi.

Poill

Deir Seán Ó Muineaċáin, Ros Dumhaċ, go ḃfuil na poill insan bóṫar in aice lena ṫiġ, mór go leor le ealaí a ċur ar snáṁ ionnta. Ḃó halla damsa aige, aċ b'éigin dó an gnó a ṫabairt suas, toisc go gcaiṫfeaḋ sé, taréis gaċ damsa, éirí amaċ as an leaba, agus caranna a ṫarraingt amaċ na poill. Uaireannta, b'éigin dó luċt roṫair a ḃí gortaiṫe ins na poill seo a ṫabairt fiċe míle go Béal an Ṁuirṫid, fá ċoinne cúram doċtúra. Deir sé gur ċosainn sé £350 i dtrí ḃliana, de ṫairḃe deisiúċán de ċaranna. Tá conraḋ ag an Uasal Ó Muineaċáin le scoláirí a ṫabairt ċuig an meánscoil ins an ċeantar, aċ tá sé ag smaoineaṁ ar é ṫabairt suas, toisc na bóiṫre a ḃeiṫ ċoṁ h-olc.

Daċad bliain ó ṡin, ar seisean, ṫiocfaḋ le daoine dul ar roṫair ar na bóiṫre seo, anois, ní ṫiġ leo sin féin a ḋéanaṁ, tá na poill ċoṁ h-olc sin.

Scéard Reoḋ Éisc

Tá próiséis nua i monarca próiséisiṫe éisc Ḃord Iascaí Mara, i nGaillim. Scéard reoḋ-éisc a ḃéas i gceist anseo, agus sé an ċéad ċeann dá leiṫéid san Eoraip é, adeirtear. Le cabair an ṗróiséis nua, is féidir leanúint go buan ag pacáil na dtortaí ag ráta 4.000 éisc-gearrṫa ⁊ grabair aráin orṫa, a ṗacáil insan uair. Déanfar an t-iasc a ṁearreoḋ in 12 noiméidí, in ionad an 40 noiméidí insan gnáṫ reoḋ. Leis an reoḋ tapaí seo ní ḃeiḋ feiḋm ar biṫ leis an iasc a láiṁseáil. Táṫar ag súil le cuid mór den toraḋ a onnṁuiriú agus fuarṫas ordaiṫe ċeana féin ón Astráil. Tá monarcain Ḃord Iascaiġ Ṁara ag triail tortaí nua de próiséisiú éisc na hÉireann, agus san am i láṫair, táṫar á ċur ar an ṁargaḋ faoi 61 ainmneaċa fé leiṫ in 11 tíorṫa. Tá ordaiṫe ar 10,000 tonnaí éisc dár luaċ £1,000 fáiṫe ag na monarcain. Iasc-reaṁ-ċócaireaċta, an ceann is moille a cuireaḋ leo. Táṫar ag soláṫar na méara-éisc insan ṁonarca i nGaillim agus tá margaḋ dár fiú trí-ceaṫrú milliún punt le fáil fána ċoinne, sa ḃaile agus ṫar lear.

Acaill

Ḃí céilí an taiṫneaṁaċ ar fad oiċe Aoine seo caite i Gob a' Ċoire, nuair a bronnaḋ na mbonn as Craoḃ na Condae, 1964, ar foireann peile ógánaí Gob a' Ċoire. Ḃí cuid mór daoine a ḃfuil láiṁ acu in obair C.L.C.G. i láṫair, agus ḃí árd-aṫas agus gáirdeaċas ar na peileadóirí óga as na boinn a ḟáil.

Céilí eile a ḃí ar siúl i halla na paráiste seaċtain roiṁe sin, seaċtain go Máirt seo caite, ab' ea céilí na mbuaċailli tuí. Foireann buaċailli tuí, as Gob a' Ċoire a ḃain corn Ṁáirtín Ċuanaiġ. B'é seo an ċéad uair ar baineaḋ an corn do Corrán.

Dé Doṁnaiġ seo ċaite, ḃí Coṁḋáil C.L.C.G. in Acaill. in halla na paráiste, Gob a' Ċoire, ar a 3 a'ċlog. Léiġ Pádraic Seoiġe, O.S., Rúnaí an Ċumainn, tuarascáil an suiṁúil ar fad. ar ḃliain ar éiriġ leis an Ċumann ṫar bárr innti. B'é an t-aḃar cainte ba ṁó ag an ċruinniú cinn-ḃliana ná ċoṁ mí-ṡásta agus a ḃí an Cumann agus baill an Ċumainn, agus na foirne, leis an ċaoi a raiḃ Ḃord na Roinne ag freastal orṫa Toġaḋ Rúnaí ⁊ Coiste mar a ḃí

Oiċe Nollag. ligeaḋ an sruṫ leictreaċas amaċ go dtí scéim nua leictreaċais na tuaiṫe in Oileán Acaill beag Ḃí sé fíor a rá go raiḃ Nollaig ġeal ag na h-oileánaiġ gan aṁras. Aċ, an féidir go ḃfuil na h-aiseanna seo ag teaċt ró ṁall? Tá cosúlaċt air go ḃfuil, mar tá scoil an oileáin dúnta anois. Teaglaċ aṁáin do Ṁuinntir Uí Ġallċoḃair a ḃí ag freastal ar an scoil, agus is cosúil naċ ḃfuil dóṫain páistí ann leis an scoil do ċoiméad ar siúl.

Cúis bróin insan ċeantar an scéala go dtáinig an bás ag Caitlín Bean Ḃairéad. Ḃí sí ós cionn na gceiṫre scór. Níṫear coṁḃrón lena clann mac. Seán Poll Raiṫne; Míċeál, U.S.A.; ⁊ a h-inoín, Bean Ṁic Ḟionntaiġ, Poll Raiṫne.

Coṁġáirdeaċas le Caoiṁín Labelle, as Gob a' Ċoire, a ṫug an taispeántas peil ar fad, insan triail peil idir na hIolscola agus an ċuid eile, agus de ḃárr ċoṁ maiṫ agus a d'imir sé, tá sé ar ḟoireann na h-Iolscoile anois, agus táṫar ag súil go mbeiḋ sé ar ḟoireann na hÉireann le h-imirt i gcoinniḃ an Ḟrainnc an mí seo ċugainn.

Fear as Acaill, Tomás Ó Maolḃuaiḋ, atá ina díoltóir éisc agus eanlaiṫ, i Sráid Ḃagóid anois, a ċeannaiġ an ċéad bradán, bradán 17 pt. meaċána a toġaḋ ó'n Life, lá na bliana úire. Ṫug sé £135 ar an ḃradán—sin £7-18. an pt. As Doirini, Acaill, é féin.

An Roinn Talṁaíoċta

Bonus ar Díolaċán Turcaiṫe óga ó Ġorlanna Ceadaiṫe

Fógraíoḋ sa Dara Clár do Leaṫnú Eacnomaicúil go n-íocfaḋ an Rialtas bónus sealadaċ ar turcaiṫe óga d'árd ċaiġdean a ċeannóḋ luċt tógála turcaiṫe óna gorlanna. Tá socair ag an Aire Talṁaíoċta scéim bónus dá leiṫid a ṫabairt isteaċ sa tséasúir seo ċugainn.

Fé'n scéim íocfar bónus 1/6 an t-éan le gorlanna ceadaiṫe ar díolaċán turcaiṫe le luċt tógála ar ċoinníoll go ndíolfar na héanaċa leis an luċt tógála ar ṗragas naċ dtéid ṫar 4/- an t-éan. Ḃainfiḋ an scéim le díolaċan éanaċa do ṫógail agus reaṁrú ag foirgneaṁ an ċeannaiṫeora, le marḃú; ní ḃainfiḋ sé le díolaċan ċun onnṁuraiṫe nó ċun goir.

Is féidir liosta gorlanna turcaiṫe ceadaiṫe a ḟáil ó'n Rúnaí, Roinn Talṁaíoċta (Rannóg Eanlaiṫ agus Uiḃeaċa), 16 Sráid an Ṁota Uaċt., Baile Áṫa Cliaṫ, 2.

1ú Eanair, 1965.

Trieisú le Cosaint an Iarṫair

Lá indiaiḋ lae, tá an tuiscint ag leaṫnú, ar an baol atá ag bagairt ar an tír go h-uile, tré ṁeaṫ an Iarṫair. Tá an Ċléir agus an Ċliarlaṫas ag múscailt ṡuas anois, den baol atá ag bagairt ar iomlán saol an Iarṫair.

Ag an 19ú dinnéar bliantúil do Ċoláiste Náiṫí, Bealaċadrín, labair Easpag Aċaḋ an Rí, An Dr. Sár Oirṁinneaċ Ó Fearġusa, fá an scéal mar seo, go lom agus go h-oscailte:

Tá súil agam go seasóid iar-ḋaltaí na gColáistí go léir insan Iarṫar ar ċúl na gluaiseaċta fá ċoinne cosaint an Iarṫair, ná muna ndéantar rud éigin anois le cosc a ċur ar ṁeaṫ an daonra san Iarṫar, cad a ṫárlóḋ dár gcuid Coláistí agus dár gcuid Cumann Iar-ḋaltaí."

Is dóċa gur seo an coṁarṫa is fearr go ḃfuil gluaiseaċt Ċoiste Ḃaile Ċaṫail ag dul i ḃfeiḋm, agus ag dul i ḃfeiḋm go doiṁin. agus má ṫugtar isteaċ luċt na séiṁ-ċeird agus an lánaicme a ṫáinig óna Coláistí Iarṫaraċ, seans go raċfaiḋ an gluaiseaċt níos leiṫne fós.

Ḃeiḋ cruinniú eile de Ċoiste Ḃaile Ċaṫail, nó Coiste Cosanta an Iarṫair, i mBéal Áṫa 'n Róba, Dé Máirt, an 19ú lá, agus ḃeiḋ an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Ó Fearġusa, Easpag Aċaḋ an Rí, insan ċaṫaoir, agus ḃeiḋ an tAṫair Mac Duiḃir, as Gleann Colmcille, i láṫair.

Tá tráċt go mbunófar gan mórán moille, cuideaċtan reaċtúil a mbeiḋ mar ċúram air, an t-Iarṫar a ċosaint agus a ḟorbairt.

Dairbre

Fé ḋeireaḋ ṫiar, tá údarás tugṫa ag Roinn Rialtas Áitiúil do na pleananna fá ċoinne an droiċead do Oileán Dairbre a ċeangal leis an mór-tír. D'iarr an Roinn go n-ullṁófaí billí earraí agus meastaċán costais ċoṁ lua agus is féidir. Fuarṫas tairiscintí den ċéad stua don droiċead nua agus tá siad leis an Roinn i láṫair na huaire. Ḃí an Roinn sásta leis an plean a ṡoláṫraiġ an Comairle Condae. Dúirt an tInnealtóir Condae le S. Clifford go raiḃ ullmú an bille earraí agus meastaċán ar láiṁ, agus go mbeaḋ sé críoċnaiṫe roiṁ tús na bliana nua. Ḃeiḋ sé inann réitiú ceist glacaḋ an talaṁ ċuige, ċoṁ maiṫ. Dúirt an Bainisteoir Condae go mbeaḋ an t-eolas go léir ullaṁ don Aire roiṁ ḋeireaḋ mí Eanair, aċ naċ ḃféadfaí a rá cé'n uair a ġeoḃfaí údarás ċun tairiscintí a lorg. Cé go raiḃ na tairiscintí istiġ don ċéad stua, ní ḟéadfaí a ġlacaḋ leo go dtí go mbeaḋ na tairiscintí don ċuid eile den droiċead ar fáil.

Ḃí paráid meán-oiċe ag píobairí Dairbre, oiċe Coille, ċun an bliain nua do ṫabairt isteaċ.

Ḃí 27 boird lán ag cluiċe fuist Bantraċt na Tuaiṫe, an tseaċtain seo caite. Duaiseoirí: Fir 1. Criostóir Ó Sé; 2. M. Ó Fóráin. Mná—1, Bean Uí Fóráin; 2, Áine Nic Donnċa.

Conus mar a ḃeiḋ ceist na h-iascaireaċta agus ceist na mbradán i Loċ an Ċorráin? Sin é an ċeist atá gaċ duine san ċeantar seo ag cur i láṫair na h-uaire. Osclóiḋ an séasúr iascaireaċta anseo, amáraċ an 16ú lá, agus tá gléasra agus bádaí ullṁaiṫe ċun gnó ag na h-iascairí agus ag a gcuid bádóirí, i láṫair na huaire. Tá eolas ann, gur ċuaiġ roinnt maiṫ bradán suas an aḃainn go dtí Loċ Corráin. aċ sé an ċeist atá 'ċaon duine ag cur nó an ḃfaiġfear amaċ go mbeiḋ aicíd na mbradán, nó aicíd na n-iasc ar na bradáin a ḃeirfear orṫa. Má bíonn, tá baol mór ann go millfear séasúr na h-iascaireaċta sa gceantar seo.

Ḃí slua maiṫ de ḋaoine óga sa mbaile don Nollaig, taréis an aistir fada do ḋéanaṁ ó'n Ḃreatain Ṁór, ċun an tséasúr beannaiṫe do ċaiṫeaṁ lena ngaolta. Táid uiliġ go léir imiṫe ṫar n-ais ċun oibre anois.

Gaoṫ Ḃearra

Ḃí cruinniú mór de iascairí Ġaoṫ Ḃearra ar an Duḃċaraiġ, tá seaċtain ó ṡin nuair a rinneaḋ na socraiṫe deireannaċ fá ċoinne dinnéar bliantúil Cumann na nIascairí in Teaċ Ósta Highlands, Na Gleanntaí. Ḃí an dinnéar ann, oiċe Ċéadaoine na seaċtaine seo, agus baineaḋ pleisiúr mór as. Ṫug caṫaoirleaċ an ċruinniṫe, Pádraic Ó Baoill, buíoċas mór do Pól Mac Aoḋ, as ċoṁ maiṫ agus a rinneaḋ an bailiúċán, fá ċoinne costas sceiṫ-bradán don aḃainn. Ṫug sé buíoċas fosta do na daoine a ṫug sintiúisí agus do Caṫal Ó Caimbéal, O.S., Na Gleanntaí, a ṫug cuidiú mór leis an sceiṫ a ċur san aḃainn.

Ṫug Bord Iascaiġ Leitir Ceanainn £50 fá ċoinne sceiṫ-bradáin a ċur i Loċ Ḃearra. Dúirt an tUasal Ó Baoill, ṫar ċeann an ċruinniṫe, go raiḃ siad ag súil anois go gcuideóḋ an Bord leis deireaḋ a ċur leis na róntaí a ḃí ag milleaḋ na mbradán ag Béal na hAḃna, agus leis na leapaċa bradán ṫart fá'n Duḃċarraiġ a ġlanaḋ.

Eadan Anfa

Oiċe Luan na seaċtaine seo caite, ṫáinig an tAṫair Séamas Mac Duiḃir, S.C., Gleanncolmcille, go dtí Eadan Anfa, agus labair sé le cruinniú an mór san halla. Taréis an ċruinniṫe, bunaíoḋ coiste forbarṫa Eadan Anfa. Ar na h-oifigí a toġaḋ ḃí: Seán Mac Giolla Uain, Log na Coilleaḋ, caṫaoirleaċ; Pádraic Mac a' Ḃáird, Baile Fraoiċ, leas-ċaṫaoirleaċ; Conċuḃar Mac Diarmada, O.S., Eadan Anfa, rúnaí; Éamonn Ó Breisleáin, Mulann Mór, cisteoir. Ag caint leis an slua, ċuir an tAṫ. Mac Duiḃir síos ar na buntaistí a ḃí le Coṁar Ċumainn, imeasc feilméaraí beaga, agus an riaċtanas a ḃí le feilméaraċt ar bunus eolaíoċta. Ṫráċt sé ar na dóiġeanna a dtiocfaiḋ níos mó a ṫáirgeaḋ ó na feirmeaċa beaga. Léiriġ sé na dóiġeanna a dtiocfaḋ leis na h-oifigí agus leis an Coiste cur le cuspóir forbairt an ċeantair.

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoillsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.